Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2021
(OR. en)

8135/21

COAFR 104
RELEX 351
CFSP/PESC 411
CSDP/PSDC 230
ACP 29
DEVGEN 80
COHAFA 39
COHOM 79
MIGR 78
CLIMA 92
COVID-19 185

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Corn na hAfraice: tosaíocht gheostraitéiseach don Aontas<br>- Conclúidí ón gComhairle, (an 10 Bealtaine 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Corn na hAfraice: tosaíocht gheostraitéiseach don Aontas a formheasadh ag an 3729ú cruinniú de chuid na Comhairle an 10 Bealtaine 2021.

**Corn na hAfraice: tosaíocht gheostraitéiseach don Aontas**
**Conclúidí ón gComhairle**

1. Réigiún a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis is ea Corn na hAfraice, a bhfuil naisc pholaitiúla agus eacnamaíocha seanbhunaithe ag an Eoraip leis. Tá an tAontas Eorpach tiomanta go hiomlán dá chaidreamh straitéiseach agus dá chomhpháirtíocht le réigiún Chorn na hAfraice agus lena thíortha a threisiú, arb é an cuspóir atá ann tacú leis an tsíochán agus leis an tslándáil, leis an daonlathas, le cearta an duine, leis an smacht reachta, le comhionannas inscne, le forbairt inbhuanaithe, le fás eacnamaíoch, le gníomhú ar son na haeráide agus le comhar réigiúnach. Tá na naisc idir dhaoine idir an tAontas agus Corn na hAfraice láidir, lena n-áirítear trí na diaspóraí móra rannpháirteacha.

2. Tá straitéis nua de chuid an Aontais á bunú ag an gComhairle, ag tógáil ar Chreat Straitéiseach Chorn na hAfraice 2011[1], i gcomhréir le cur chuige foriomlán an Aontais i leith na hAfraice[2], chun dlús nua a chur leis an gcaidreamh sin, agus chun leasanna polaitiúla, slándála agus eacnamaíocha an Aontais a chothú. Is é is aidhm don straitéis sin comhpháirtíocht an Aontais le tíortha Chorn na hAfraice a neartú agus éifeachtacht agus infheictheacht an Aontais a fheabhsú i dtimpeallacht atá ag éirí níos iomaíche. Cumhdaítear ann ocht gceann de thíortha Chorn na hAfraice[3] chomh maith le heagraíochtaí réigiúnacha, faoi chuimsiú na comharsanachta i gcoitinne, lena n-áirítear an Mhuir Rua agus an tAigéan Indiach Thiar.

3. Tá forbairtí tábhachtacha tagtha ar réigiún Chorn na hAfraice le deich mbliana anuas agus tá an dinimic réigiúnach ag síorathrú. Tá dóchas agus deiseanna ag baint le comhaontuithe síochána stairiúla agus le teacht i bhfeidhm na n-aistrithe daonlathacha. Mar sin féin, tá coinbhleachtaí – a tharlaíonn go minic de dheasca teannas eitneach – iomaíocht le haghaidh cumhachta agus acmhainní nádúrtha, antoisceachas foréigneach, iomaíocht idirnáisiúnaithe chun tionchar a imirt agus stair na coinbhleachta foréigní ag cur leis an éagobhsaíocht agus leis an ilroinnt i gCorn na hAfraice tráth a bhfuil an comhar iltaobhach ag dul i laghad. Chun tacú le cobhsaíocht réigiúnach agus le haistrithe daonlathacha atá ag teastáil ón daonra mar ba cheart, ní mór aghaidh a thabhairt ar na géarchéimeanna atá ann faoi láthair, iad fite fuaite lena chéile.

---

[1] Conclúidí ón gComhairle maidir le Corn na hAfraice, an 14 Samhain 2011, a tugadh cothrom le dáta ina dhiaidh sin leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Réigiúnach Gníomhaíochta an Aontais do Chorn na hAfraice 2015-2020, an 26 Deireadh Fómhair 2015

[2] An Afraic - Conclúidí ón gComhairle, an 30 Meitheamh 2020

[3] Djibouti, an Eiritré, an Aetóip, an Chéinia, Uganda, an tSomáil, an tSúdáin Theas agus an tSúdáin

4. Cuirtear deiseanna tábhachtacha ar fáil le hathruithe déimeagrafacha, leis an uirbiú, leis an digiteáil agus le teacht chun cinn margaí nua. Mar sin féin, tá tionchar uafásach ag an athrú aeráide agus ag na tubaistí nádúrtha atá ag tarlú níos minice ar an réigiún. Ní mór na dúshláin rialachais a shárú chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht leanúnach, ar neamhionannais shocheacnamaíocha, ar dheacrachtaí rochtana ar sheirbhísí bunúsacha agus ar easpa deiseanna fostaíochta cuibhiúla, ar measa iad uile mar gheall ar phaindéim COVID-19. Tá an líon is mó daoine easáitithe ina dtír féin (IDPanna) agus dídeanaithe san Afraic lonnaithe sa réigiún. Tá sáruithe agus mí-úsáidí chearta an duine agus sáruithe ar an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta (DDI) ag tarlú, agus tá méadú as cuimse ag teacht ar dhúshláin dhaonnúla. Tá sé fós ina réigiún tionscnaimh, idirthurais agus ceann scríbe ina bhfuil sreabha tábhachtacha imirce, lena n-áirítear imirce neamhrialta, chuig tíortha eile sa réigiún máguaird agus chuig an Aontas.

5. Seachas a chaidreamh láidir polaitiúil, eacnamaíoch agus trádála, is comhpháirtí tábhachtach iontaofa é an tAontas le fada an lá ar mhaithe leis an tsíocháin, leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis an gcúnamh daonnúil. Tá sé ar intinn ag an Aontas a sheasamh a neartú, agus leas a bhaint as réimse iomlán a chuid beartas agus uirlisí chun tacú lena thosaíochtaí straitéiseacha i gCorn na hAfraice.

**Treoirphrionsabail**

6. Tá gá le húinéireacht agus tiomantas ó údaráis réigiúnacha, náisiúnta agus áitiúla ar mhaithe le forbairt nithiúil, inbhuanaithe agus fhadtéarmach an réigiúin. Chun tionchar a rannpháirtíochta a mhéadú, go háirithe i réimsí na síochána, na slándála agus an rialachais, cuirfidh an tAontas cur chuige i bhfeidhm a bheidh bunaithe ar an g**comhpháirtíocht agus ar an gcuntasacht fhrithpháirteach**. Déanfar comhthuiscint ar fhreagracht gach comhpháirtí, chomh maith le tosaíochtaí comhpháirteacha agus cuspóirí nithiúla intomhaiste, a shainiú go soiléir trí idirphlé polaitiúil a bheidh macánta, oscailte agus treisithe.

7. Tá straitéis an Aontais i g Corn na hAfraice bunaithe ar **chearta an duine**, comhionannas inscne, an daonlathas, an smacht reachta, na prionsabail dhaonnúla agus an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a urramú, straitéis a bheidh mar dhlúthchuid de ghníomhaíocht uile an Aontais. Leanfaidh an tAontas go háirithe dá thiomantas láidir do theachtadh iomlán chearta an duine ag mná agus cailíní a chur chun cinn agus a chosaint. Leanfaidh sé den obair chun foréigean gnéis agus inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac. Méadóidh an tAontas a chuid iarrachtaí chun a áirithiú go n-urramófar go hiomlán cearta an linbh. Cuirfidh sé lena chomhar le cosantóirí chearta an duine agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta. Leanfaidh an tAontas de shaoirse chun tuairimí a nochtadh a chur chun cinn. Leanfaidh sé de phionós an bháis a dhíothú.

8. Tabharfaidh an tAontas aird faoi leith ar an g**cuimsitheacht**. Is iad an tsochaí shibhialta, mná agus daoine óga is mó a spreagann an t-athrú agus ní mór iad a chur san áireamh sna hiarrachtaí síochána agus cothaithe stáit. Leanfaidh an tAontas dá rannpháirtíocht mhéadaithe sa réimse polaitiúil a chur chun cinn go láidir, agus de thacú lena gcumhachtú socheacnamaíoch. Leanfaidh an tAontas den idirdhealú a chomhrac agus cuirfidh sé chun cinn cuimsiú daoine i gcásanna leochaileacha agus cuimsiú pobal imeallaithe sa tsochaí.

9. Déanfaidh an tAontas a **chur chuige comhtháite** a threisiú a thuilleadh maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, agus neartóidh sé an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an comhar um fhorbairt, agus an tsíocháin feadh na 'dtrí nasc'. Tá an tAontas tiomanta freisin do chomhleanúnachas, comhsheasmhacht agus leanúnachas a mhéadú ina bheartais agus ina ghníomhaíochtaí. Áireofar leis sin gníomhaíochtaí lena n-áiritheofar go mbeidh rannpháirtíochtaí na hearnála príobháidí i gcomhréir leis na Prionsabail maidir le Gnó agus Cearta an Duine[4]. Cuimseofar leis freisin béim láidir ar éifeachtacht an chomhordaithe réigiúnaigh a fheabhsú agus ar **chomhtháthú réigiúnach** mar chuspóir uileghabhálach polaitiúil de chuid an Aontais.

**Cur chuige comhpháirteach i leith an daonlathais agus i leith na síochána agus na slándála réigiúnaí**

10. Tá rialtais thíortha an réigiúin faoi seach cuntasach dá bpobail agus is orthusan atá an phríomhfhreagracht maidir le haghaidh a thabhairt ar ardmhianta na ndaoine. Leanfaidh an tAontas de bheith tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'**athruithe daonlathacha, don smacht reachta agus do chothú stáit** agus do spás oscailte polaitiúil a chur chun cinn.

[4] Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine

11. Tá rialachas daonlathach agus trédhearcach riachtanach chun **an conradh sóisialta a neartú** idir an Stát agus a shaoránaigh, agus idir limistéir lárnacha agus limistéir imeallacha. Tá an tAontas réidh chun tacú leis na hiarrachtaí sin, lena n-áirítear cuir chuige nuálacha a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail r-Rialachas.

12. Is bac tromchúiseach é an t-éilliú ar rialachas, ar fhás eacnamaíoch agus ar chothromas sóisialta. Cuirfidh an tAontas níos mó béime ar **chomhrac an éillithe** agus na gabhála stáit, agus ar eis-sreabhadh na gcistí a fuarthas go haindleathach, ar chomhrac na saoirse ó phionós, ar chuntasacht, ar thrédhearcacht agus ar chloí le caighdeáin idirnáisiúnta airgeadais a chur chun cinn.

13. Neartóidh an tAontas an tacaíocht a thugann sé don t**síocháin agus don tslándáil**. D'ainneoin forbairtí dearfacha polaitiúla, tá an leochaileacht agus an easlándáil fós ann, agus éifeachtaí díchobhsaitheacha dá bharr sin ar an réigiún ina iomláine. Is cúis imní níos mó anois é an teannas i dtíortha an réigiúin agus idir na tíortha sin agus léiríonn sin an gá atá le cur chuige iltaobhach éifeachtach i leith na slándála comhchoitinne, an idirphlé agus na forbartha muiníne. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair leis an Aontas Afracach (AA) agus leis an Údarás Idir-rialtasach Forbartha (IGAD). Tá an tAontas réidh chun oibriú le ceannairí IGAD chun cabhrú leo acmhainneacht IGAD a fhorbairt a thuilleadh agus comhlacht iltaobhach níos éifeachtaí a dhéanamh de lena gcothófar muinín i measc thíortha an réigiúin.

14. Cé nach mór don réigiún freagracht a ghlacadh as a shíocháin agus as a shlándáil féin, leanfaidh an tAontas, i gcomhpháirt leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta, de thacaíocht a thabhairt, lena n-áirítear trína mhisin agus a oibríochtaí CBSC, do mhéadú na h**acmhainneachta slándála réigiúnaí**, amhail oibríochtaí tacaíochta síochána na hAfraice agus socruithe slándála eile lena bhfreagrófar do na bagairtí slándála uile, lena n-áirítear ar muir.

15. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis an t**slándáil mhuirí**, trí thaidhleoireacht chabhlaigh a úsáid mar uirlis chun comhar agus sineirgí a spreagadh i measc gníomhaithe réigiúnacha. I ndáil leis an méid sin, rinneadh athbhreithniú ar shainordú EUNAVFOR – Oibríocht na Somáile ATALANTA, ar príomhghníomhaí muirí é sa réigiún, agus leathnaíodh é tuilleadh chun tacú le rannpháirtíocht an Aontais ar fud Mhuir Rua an Deiscirt agus an Aigéin Indiaigh Thiar. Cé gurb é an príomhchúram atá uirthi i gcónaí an phíoráideacht a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois, cuideoidh an Oibríocht mar sin féin le coireanna eile muirí agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chomhrac.

16. Leanfaidh an tAontas freisin de thacaíocht a thabhairt don **chomhrac i gcoinne grúpaí sceimhlitheoireachta**, ag feidhmiú sa réigiún agus as, amhail Al-Shabaab agus Daesh, agus i gcoinne gníomhaithe foréigneacha eile nach gníomhaithe stáit iad. Áireofar leis sin bearta chun cur i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh agus chun an radacú a chosc.

17. Tá tíortha sa réigiún ag gabháil do choinbhleachtaí idirnáisiúnaithe agus tá teorainneacha ar tír agus ar muir ina n-ábhar conspóide agus ina bhfoinsí leochaileachta go fóill. Anuas air sin, tá na coinbhleachtaí idirphobail ina n-ábhar éagobhsaíochta go fóill. Tacóidh an tAontas le sásraí – go háirithe sásraí atá faoi cheannasaíocht na hAfraice – agus cuirfidh sé chun cinn iad ar mhaithe le héifeacht bhreise **a dhéanamh ar chosc, ar dhíghéarú agus ar réiteach síochánta díospóidí agus ar mhaithe le hathmhuintearas** trí idirphlé agus idirghabháil a spreagadh chomh maith leis an acmhainneacht a mhéadú chun saincheisteanna coinbhleachta atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le teorainneacha, a anailísiú, a fhaireachán, a chosc, a mhaolú agus a réiteach. Sa chomhthéacs sin, is den ríthábhacht caomhnú na haontachta agus prionsabal shláine críche thíortha i gCorn na hAfraice a chur san áireamh.

18. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé le clár oibre na Náisiún Aontaithe maidir le **Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil**[5] a chur chun cinn agus a chur chun feidhme chun rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban a áirithiú i saincheisteanna a ghabhann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais[6], agus leis na cláir oibre maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil[7], agus maidir le Cosaint na Saoránach[8], mar aon le prionsabal na freagrachta maidir leis an gcosaint[9].

19. Leanfaidh an tAontas de chur chun feidhme chlár oibre na **Leanaí agus na Coinbhleachta Armtha** (CAAC) a chur chun cinn i gcomhréir le Treoirlínte an Aontais maidir le CAAC, agus le Rún 1612 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le rúin ghaolmhara maidir le CAAC.

**An t-iltaobhachas agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn**

20. Leanfaidh an tAontas **den iltaobhachas agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chosaint agus a chur chun cinn**, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár. Leanfaidh sé de bheith ag obair i ndlúthchomhar le comhpháirtithe na hAfraice agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta d'fhonn rannchuidiú le cur chuige comhchoiteann agus freagairt chomhchoiteann ar an gcobhsaíocht agus ar an bhforbairt, go háirithe leis an Aontas Afracach, le IGAD, leis na Náisiúin Aontaithe, leis na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais (IFIanna), mar aon le príomhghníomhaithe déthaobhacha agus réigiúnacha eile. Féachfaidh an tAontas freisin lena chomhar le tíortha Chorn na hAfraice agus le heagraíochtaí ann a neartú i bhfóraim iltaobhacha maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an leas frithpháirteach.

---

5 Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus rúin eile dá éis sin maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil

6 Plean Gníomhaíochta AE maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, 2019-2024

7 Rún 2250 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus rúin eile dá éis sin maidir leis an Óige, an tSíochán agus an tSlándáil

8 Rún 1265 (1999) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus Rún 1894 (2009) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le cosaint saoránach i gcoinbhleacht armtha

9 Prionsabal freagrachta na Náisiún Aontaithe i ndáil leis an gcosaint

21. Chun aghaidh a thabhairt **ar ghníomhaíochtaí coiriúla trasteorann**, cuirfidh an tAontas dlús leis na hiarrachtaí réigiúnacha chun gach cineál gáinneála agus sreabha aindleathacha airgeadais a chomhrac. Déanfaidh an tAontas iarrachtaí ar leith chun cur isteach ar líonraí maoinithe na ngrúpaí sceimhlitheoireachta sin atá ag feidhmiú sa réigiún agus amach as. Ba cheart na hiarrachtaí sin a dhíriú ar na naisc atá ann cheana idir an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe trasnáisiúnta a díchóimeáil.

22. Is sa réigiún seo atá an líon is mó dídeanaithe agus daoine easáitithe ina dtír féin san Afraic agus is díol sásaimh don Aontas dlúthpháirtíocht agus flaithiúlacht an réigiúin sin – dlúthpháirtíocht agus flaithiúlacht atá ann le fada. Leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le **cabhair dhaonnúil** ar bhonn prionsabail a chur ar fáil dóibh siúd is leochailí atá thíos le tubaistí, idir thubaistí de dhéanamh an duine agus thubaistí nádúrtha. Tá an tAontas tiomanta do mhéadú foriomlán ar bhonn acmhainní do ghníomhaíochta daonnúla a chur chun cinn, laistigh den Aontas agus ar bhonn níos leithne araon, chun freagairt do riachtanais atá ag dul i méid. Ar an gcuma chéanna, tabharfar tús áite i gcónaí do chomhlíonadh an Dlí Dhaonnúil Idirnáisiúnta (DDI) agus an Dlí Idirnáisiúnta um dhídeanaithe a chur chun cinn chomh maith le cosaint an spáis dhaonnúil.

23. Tá tionchar mór ag **an athrú aeráide agus ag díghrádú an chomhshaoil** ar an réigiún cheana féin, mar iolraitheoir riosca, ag cur leis na leochaileachtaí a bhí ann cheana, ag cur le coinbhleachtaí, easáitiú agus iomaíocht i gcás acmhainní nádúrtha atá gann, go háirithe talamh agus uisce. Cuideoidh an tAontas chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar méadaitheach atá ag an athrú aeráide ar an tsíocháin agus ar an tslándáil. Anuas air sin, neartóidh an tAontas an comhar ar gach leibhéal, go háirithe trí thacú le rannchuidiú uaillmhianach arna chinneadh go náisiúnta, chun an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil a chomhrac, agus chun an aeráidneodracht agus cosaint na bithéagsúlachta a chur chun cinn. Cuirfidh an tAontas chun suntais na deiseanna a ghabhann leis an aistriú sin ó thaobh infheistíochta, cruthú post agus forbairt eacnamaíoch de.

24. Chun an leochaileacht a laghdú, an dul chun cinn forbartha a choinneáil agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na héagobhsaíochta agus na coinbhleachta ar bhealach cuimsitheach, leanfaidh an tAontas den chomhar ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear leis an earnáil phríobháideach, rud a chuirfidh leis **an teacht aniar.** Is den ríthábhacht tacú leis na nithe seo a leanas: na cumais maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, straitéisí laghdaithe riosca tubaiste a bhunú, ullmhacht do thubaistí a fheabhsú, acmhainneachtaí a fhorbairt sa gheilleagar glas/gorm, an nascacht inbhuanaithe a chur chun cinn, talmhaíocht atá cliste ó thaobh na haeráide de agus slabhraí luacha cuimsitheacha inbhuanaithe gnó a neartú; is réimsí iad seo ar fad ina bhféadfaidh an tAontas saineolas uathúil a chur ar fáil.

25. I gcomhréir le Plean Comhpháirteach Gníomhaíochta Vaileite agus le Próiseas Chartúm, saothróidh an tAontas cur chuige a thabharfaidh léargas cuimsitheach ar na bealaí éagsúla – cur chuige a bheidh saincheaptha, cothrom, comhleanúnach agus cuimsitheach i leith **na himirce** trí idirphlé agus trí chomhpháirtíochtaí comhthairbheacha ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Tacóidh an tAontas le hacmhainneachtaí réigiúnacha agus náisiúnta le haghaidh rialachas níos éifeachtaí ar an imirce agus le haghaidh a thabhairt ar an imirce neamhrialta, ar an smuigleáil agus ar an ngáinneáil ar dhaoine, ar an easáitiú éigeantais agus ar na bunchúiseanna a bhaineann leo, chomh maith le leas a bhaint as tairbhí na himirce don fhorbairt laistigh d'ilchríoch na hAfraice agus den réigiún. Beidh sé tábhachtach leanúint de bheith ag obair i gcomhar le comhpháirtithe sa réigiún maidir le hathligean isteach, filleadh, athimeascadh agus imirce dhleathach, i gcomhréir le hinniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát. Leanfaidh an tAontas de bheith tiomanta don chosaint idirnáisiúnta, do chearta daonna na n-imirceach a chosaint, agus do thacú leis na pobail óstacha agus idirthurais. Molfar comhar a dhéanamh le réigiúin chinn scríbe eile, lena n-áirítear tíortha na Murascaille.

**An tiomantas don fhorbairt shóisialta agus dhaonna neartaithe**

26. Léirigh paindéim COVID-19 cé mar is féidir le ráigeanna áitiúla a bheith ina mbagairt dhomhanda ar shláinte an duine agus ar chobhsaíocht eacnamaíoch. Tá an tAontas tiomanta do chórais sláinte a neartú, ullmhacht agus acmhainneacht freagartha na gcomhpháirtithe a neartú, agus tacú le hathchóirithe struchtúracha ar an **earnáil sláinte**. I gcomhréir le cur chuige Fhoireann na hEorpa, ghlac an tAontas agus na Ballstáit ról ceannasach maidir leis an tSaoráid COVAX a bhunú, ar ranníocóirí móra iad freisin. Leanfaidh an tAontas d'obair a dhéanamh chun rochtain thráthúil chothrom chóir dhomhanda ar vacsaíní sábháilte, inacmhainne agus éifeachtacha a áirithiú do chách agus tacú le feachtais vacsaínithe a leathadh amach, agus ag an am céanna, féachaint an bhféadfaí cur leis an acmhainneacht mhonaraíochta áitiúil.

27. Is den ríthábhacht **an fhorbairt shóisialta agus dhaonna** chun forbairt inbhuanaithe chuimsitheach a bhaint amach. Beidh an infheistíocht san oideachas, san oiliúint theicniúil agus sa ghairmoiliúint i gcónaí ina thosaíocht i gCorn na hAfraice, chun na scileanna is gá chun iad a chumhachtú agus chun iad a lánpháirtiú i margadh an tsaothair a chur ar fáil don aos óg. Beidh daoine óga le hoideachas agus le hoiliúint ina mórspreagadh don fhorbairt inbhuanaithe. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí na rialtas rochtain chothrom ar oideachas agus ar oiliúint ar ardchaighdeán a mhéadú.

28. Tá an Chomhairle meáite i gcónaí ar chearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, agus ar chur chun feidhme iomlán éifeachtach Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Chlár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt, agus ar thoradh a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe, agus tá sí tiomanta i gcónaí do **shláinte ghnéis agus atáirgthe agus do chearta gnéis agus atáirgthe** sa chomhthéacs sin. Agus an méid sin á mheabhrú dó, athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine chun smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus chun cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach ina leith sin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir, thairis sin, a riachtanaí atá rochtain uilíoch ar fhaisnéis chuimsitheach, inacmhainne, ardchaighdeáin faoi shláinte ghnéis agus atáirgthe, ar oideachas, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, agus ar sheirbhísí cúraim sláinte.

**Borradh a chur faoin téarnamh socheacnamaíoch, faoin trádáil agus faoin gcomhtháthú réigiúnach**

29. Tá fíor-dhrochthionchar imeartha ag COVID-19 ar struchtúir shocheacnamaíocha, struchtúir a bhí lag cheana féin. Leanfaidh an tAontas, dá bhrí sin, d'aird ar leith a thabhairt ar **an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta** i gcomhréir leis an iarraidh atógáil ar dhóigh níos fearr agus níos glaise chun Clár Oibre 2030 a bhaint amach. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le húsáid agus le bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, le teicneolaíochtaí glasa, le forbairt slabhraí luacha áitiúla, le rochtain uilíoch ar fhuinneamh sábháilte, slán, inbhuanaithe agus inacmhainne.

30. Is margadh ollmhór dinimiciúil é réigiún Chorn na hAfraice a bhfuil an-mhianach ann. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis an **bhfiontraíocht**, le fiontair bheaga agus mheánmhéide a fhorbairt, le micrichreidmheas agus líonraí gnó, leis an digiteáil agus le héascú trádála. Is den ríthábhacht freisin go mbeadh cothrom na Féinne níos oscailte agus níos iomaíche ann do gach fiontar chun borradh a chur faoi infheistíochtaí agus poist chuibhiúla a chruthú. Ina theannta sin, cuirfidh an tAontas cosaint shóisialta agus freagracht shóisialta gnólachtaí príobháideacha chun cinn mar aon le cearta an duine i saol na hoibre.

31. Leanfaidh an tAontas **de chomhtháthú agus de chomhar eacnamaíoch réigiúnach a chur chun cinn**, lena n-áirítear trí iarrachtaí idirnáisiúnta maidir le faoiseamh fiachais a chur chun cinn ar bhealach comhordaithe laistigh de na creataí iltaobhacha ábhartha, d'fhonn tacú leis na tíortha sa réigiún a bhfuil ballraíocht san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) uathu agus trí Limistéar Saorthrádála Mór-Roinne na hAfraice a chur chun feidhme (AfCFTA). Leanfaidh an tAontas d'oibriú in éineacht le Comhphobal na hAfraice Thoir (EAC) agus le IGAD chun an comhar eacnamaíoch a chur chun cinn. Cruthófar níos mó deiseanna don infheistíocht eachtrach agus d'fhorbairt na hearnála príobháidí dá bharr sin, lena n-áirítear ón Aontas, agus trí dhiaspóra an réigiúin. Ar an gcuma chéanna, féachfaidh an tAontas le bealaí a lorg chun a chomhar maidir le trádáil agus infheistíocht a neartú, lena n-áirítear tríd an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) a chur chun feidhme agus trí dheis a thabhairt do chomhaltaí Chomhphobal na hAfraice Thoir CCE a chur chun feidhme bunaithe ar phrionsabal na geoiméadrachta athraithí.

32. Is mór ag an Aontas teagmhálacha idirphearsanta. Leanfaidh sé de chláir mhalartaithe a fhorbairt, amhail comhpháirtíochtaí agus scoláireachtaí i réimse an oideachais agus na heolaíochta, agus cuirfidh sé ar chumas diaspóraí i dtíortha an Aontais rannchuidiú le forbairt an réigiúin. Ina theannta sin, neartóidh an tAontas an comhar cultúrtha, go háirithe ról an chultúir agus na hoidhreachta cultúrtha mar chumasóir don tsíocháin agus don fhorbairt.

**Comhtháthú agus éifeachtúlacht réigiúnach a threisiú i gcomhthéacs náisiúnta**

33. I gcomhréir le treoirphrionsabail agus tosaíochtaí na straitéise seo, a chuirfear in oiriúint do gach comhthéacs sonrach náisiúnta agus áitiúil, neartóidh an tAontas an chomhpháirtíocht atá aige leis na tíortha éagsúla sa réigiún, agus a n-éagsúlacht agus a n-éabhlóid sa mheántéarma agus san fhadtéarma á gcur san áireamh.

34. Maidir leis an **gCéinia**, tabharfaidh an tAontas tosaíocht do chaidreamh níos straitéisí, go háirithe maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil, an daonlathas, an trádáil agus an infheistíocht, an t-athrú aeráide, an rialachas agus cearta an duine. Tá sé d'acmhainneacht ag an gCéinia feabhas a chur ar an gcobhsaíocht réigiúnach agus ról cuiditheach a bheith aici a mhéid a bhaineann leis an tsíocháin agus an tslándáil. Tacóidh an tAontas le rannpháirtíocht mhéadaitheach taidhleoireachta agus iltaobhach na Céinia i bhfóraim dhomhanda agus réigiúnacha. Tá comhpháirtíocht láidir le tíortha comharsanachta ríthábhachtach do chobhsaíocht an réigiúin.

35. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis na haistrithe san Aetóip agus sa tSúdáin; tá sé ríthábhachtach don chobhsaíocht réigiúnach go n-éiríonn leis na haistrithe sin. Is comhpháirtí straitéiseach ag an Aontas í an **Aetóip** agus is gníomhaí réigiúnach iltaobhach tábhachtach í chomh maith. Tacóidh an tAontas le hathchóirithe daonlathacha agus eacnamaíocha a chur chun feidhme, chomh maith le hiarrachtaí athmhuintearais a bheidh bunaithe ar idirphlé cuimsitheach trédhearcach. Tá an choinbhleacht in Tigray agus an foréigean eitneach méadaitheach sa tír ina ábhar mór imní agus tá iarmhairtí diúltacha aige sin ar an réigiún[10]. Is dea-eiseamláir do Chorn na hAfraice agus don Afraic é aistriú **na Súdáine**, a fuair tacaíocht ón Aontas ón tús. Spreagfaidh an tAontas san Rialtas Idirthréimhseach faoi threoir na sibhialtach agus cabhróidh sé leis athchóirithe polaitiúla agus eacnamaíocha a chur i bhfeidhm, Comhaontú Síochána Juba – agus na comhaontuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin – a chur chun feidhme – agus ról cuiditheach a imirt chun tacú leis an gcobhsaíocht réigiúnach. Ceartas agus cuntasacht idirthréimhseach a neartú agus faoiseamh fhiachais a bhaint amach, beidh an méid sin ábhartha go háirithe de réir mar a leanann an t-aistriú ar aghaidh.

36. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do phróisis chriticiúla i dtaca le cothú stáit agus síochána. Ag tógáil ar a chur chuige cuimsitheach agus ar an infheistíocht thábhachtach atá á déanamh aige i dtaca le cothú stáit agus síochána sa tSomáil, lena n-áirítear i réimse na slándála trí bhíthin AMISOM agus a mhisin CBSC, tá an tAontas i gcónaí tiomanta leanúint de thacaíocht a thabhairt do chlár oibre athchóirithe agus athmhuintearais **na Somáile** agus ní mór do na ceannaireachtaí cónaidhme agus réigiúnacha dlús suntasach a chur leis na hiarrachtaí ar bhealach comhthoiliúil agus cuimsitheach. Agus comhroinnt dualgas airgeadais á lorg aige, i bhfianaise atheagar a chur ar an láithreacht idirnáisiúnta slándála sa tír agus freagracht iomlán á glacadh ag an tSomáil i gcomhréir le Rún 2568[11] ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe agus don Aontas Afracach a mhéid a bhaineann lena n-iarrachtaí cobhsaíochta. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don chomhaontú síochána sa **tSúdáin Theas** agus de rannpháirtíocht níos láidre a iarraidh ó IGAD agus ón Aontas Afracach sa chomhthéacs sin. Beidh comhrac an éillithe agus sreabha aindleathacha airgeadais ina dtosaíochtaí tábhachtacha i gcónaí sa tír sin.

---

10 Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aetóip, an 11 Márta 2021
11 Rún 2568 (2021) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe

37. Tacaíonn an tAontas le rannchuidiú dearfach **Djibouti** leis an tsíocháin, leis an tslándáil agus leis an gcomhar réigiúnach i réigiún Chorn na hAfraice, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an Muir Rua, mar shampla trí mhol lóistíochta Oibríocht ATALANTA agus láithreacht mhíleata Bhallstáit an Aontais a óstáil. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair le Djibouti maidir le fás cuimsitheach a chur chun cinn agus spás daonlathach a oscailt. Sa tslí chéanna, is díol sásaimh don Aontas rannchuidiú tábhachtach **Uganda** leis an tsíocháin agus leis an tslándáil i gCorn na hAfraice agus i réigiún na Mór-Lochanna. Leanfaidh an tAontas den fhorbairt chuimsitheach agus den rialachas daonlathach a chur chun cinn, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar an gcúngú atá á dhéanamh ar an spás daonlathach agus sibhialta agus ar an teannas atá ag dul i méid.

38. Leanfaidh an tAontas de bheith i dteagmháil **leis an Eiritré**, ag áitiú uirthi go bhfuil gá le hidirphlé níos cuidithí ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear an urraim don smacht reachta, do luachanna daonlathacha, do chearta an duine, do dhlí an tsaothair agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta, laistigh den Eiritré agus lasmuigh di araon.

**Cur chuige réigiúnach níos leithne lena gcuimseofar an t-ord réigiúnach atá i mbun athraithe**

39. Ar bhonn níos leithne, is den ríthábhacht **réigiún na Mara Rua** i gcónaí don Aontas de bharr a thábhachtaí atá sé do chobhsaíocht Chorn na hAfraice agus mar phríomhchonair thrádála agus nascachta. Ní mór an chobhsaíocht agus saoirse loingseoireachta a chaomhnú agus is ábhair chomhleasa iad ag an réigiún. Tacóidh an tAontas leis an gcomhar, leis an idirphlé agus leis an réiteach síochánta díospóidí a bhaineann leis an Muir Rua agus molann sé go gcuirfí caidreamh pribhléideach ar bun le tionscnaimh ar an leibhéal réigiúnach amhail Comhairle Stáit Arabacha agus Afracacha na Mara Rua agus Mhurascaill Áidin agus Tascfhórsa na Mara Rua IGAD agus formáidí níos cuimsithí á gcur chun cinn ag an am céanna. Fiosróidh an tAontas sineirgí – ar talamh, san aer agus ar muir – i réimse na síochána agus na slándála, an athraithe aeráide, na bithéagsúlachta, an chomhshaoil, an iompair agus na lóistíochta, na forbartha eacnamaíche agus sóisialta inbhuanaithe agus na himirce, chomh maith le cur chuige comhtháite i leith réigiún na Mara Rua/Chorn na hAfraice.

40. Abhainn ríthábhachtach don réigiún is ea **an Níl**. Le réiteach caibidlithe ar an díospóid maidir le Damba Mhór-Athbheochan na hAetóipe, chuirfí go mór le cobhsaíocht an réigiúin agus le forbairt inbhuanaithe sna trí thír lena mbaineann, an Aetóip, an tSúdáin agus an Éigipt, agus chruthófaí deis don lánpháirtiú réigiúnach agus d'infheistíochtaí coigríche. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le rannpháirtíocht na hAfraice agus le hidirphlé agus comhar idir na páirtithe chun muinín a chothú agus chun teacht ar chomhaontú maidir le leas síochánta, inbhuanaithe éifeachtach a bhaint as acmhainní na Níle. Cuirfidh an tAontas dlús lena rannpháirtíocht sa dobharthaidhleoireacht in Abhantrach iomlán na Níle trí chomhar uisce trasteorann agus bainistiú comhtháite acmhainní uisce a chur chun cinn.

41. Trí rannpháirtíocht reatha an Aontais sa Mhuir Rua a mhéadú, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle i ndáil le Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach[12] agus i bhfianaise na bhforbairtí ar chladach Oirthear na hAfraice, go háirithe i dtuaisceart Mhósaimbíc, neartóidh an tAontas tuilleadh a chur chuige comhtháite maidir le huiscí máguaird an **Aigéin Indiaigh Thiar**. Féachfaidh an tAontas le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna agus le sineirgí a chruthú chun feabhas a chur ar chomhar polaitiúil, slándála, eacnamaíoch agus comhar a bhaineann leis an aeráid idir stáit chladaigh agus gníomhaithe seachréigiúnacha, ag cur freisin le hOibríocht ATALANTA agus, de réir mar is iomchuí, le láithreacht mhíleata Bhallstáit an Aontais sa réigiún.

42. Leanfaidh an tAontas dá ghníomhaíocht maidir le **rialachas na n-aigéan** agus neartóidh sé í, lena n-áirítear trí gheilleagar gorm inbhuanaithe a chur chun cinn, iascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe a chomhrac, comhar faoi na comhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe a threisiú agus trí rannchuidiú le trádáil mhuirí.

---

12 Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach – Conclúidí ón gComhairle, an 16 Aibreán 2021

**Slógadh cuimsitheach beartas agus uirlisí i gcomhréir leis an gcur chuige comhtháite**

43. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil sé réidh lena raon iomlán beartas agus uirlisí a shlógadh chun an straitéis seo a chur chun feidhme. Le hidirphlé polaitiúil neartaithe idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus tíortha i gCorn na hAfraice, den pháirt eile, lena n-áirítear ar an leibhéal is airde, beifear in ann gníomhú le chéile agus na cuspóirí a leagadh síos a mheas. Mar chuid dá thacaíocht don daonlathas, don smacht reachta, don rialachas agus do chearta an duine, tá an tAontas réidh le misin toghcháin a shlógadh a rachaidh leis na próisis náisiúnta toghcháin. I gcás inarb iomchuí, forchoimeádann an tAontas an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar an tacaíocht a thugann sé, agus a chórais beart sriantach a shlógadh tráth ar bith, go háirithe an córas a bhaineann le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine ar fud an domhain.

44. Beidh ról lárnach ag **Ionadaí Speisialta an Aontais (ISAE)**, a mbeidh sainordú láidir réigiúnach aige agus a bheidh ag díriú ar ghníomhaíochtaí réigiúnacha, chun feabhas a chur ar infheictheacht, láithreacht agus rannpháirtíocht an Aontais le tíortha uile an réigiúin agus leis na gníomhaithe ábhartha i gCorn na hAfraice agus i réigiún na Mara Rua, de réir mar is iomchuí. Cuideoidh ISAE le rannpháirtíocht pholaitiúil an Aontais a neartú agus a dhéanamh níos éifeachtaí chun an straitéis sin a chur ar aghaidh, lena n-áirítear trí chomhordú méadaithe.

45. Leanfaidh an tAontas de bheith ina phríomh-chomhpháirtí forbartha don réigiún. De mheon Fhoireann na hEorpa, tabharfaidh an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda tacaíocht láidir do chuspóirí foriomlána na forbartha agus na cobhsaíochta fadtéarmaí dá dtagraítear sa Straitéis seo. Beifear in ann freisin, faoi na cúinsí dá bhforáiltear leis an ionstraim, leanúint de chúnamh Eorpach a thabhairt d'fhothú acmhainneachta na ngníomhaithe míleata chun tacú leis an bhforbairt agus leis an tslándáil don fhorbairt.

46. Ina theannta sin, beidh slógadh **ionstraimí nuálacha airgeadais** nua an Aontais, lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe +, an-ábhartha d'fhorbairt inbhuanaithe an réigiúin – go háirithe chun borradh a chur faoin infheistíocht, faoin earnáil phríobháideach, faoin gcomhtháthú réigiúnach agus faoin bhfás eacnamaíoch.

47. Tríd an t**Saoráid Eorpach Síochána** a chruthú, beifear in ann gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta maidir le hábhair mhíleata agus cosanta a dhéanamh, lena n-áirítear chun tacú le sainorduithe mhisin agus oibríochtaí CBSC agus institiúidí stáit, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do ghnéithe míleata d'oibríochtaí síochána agus slándála na hAfraice.

48. Chun tacú leis an tsíocháin agus leis an tslándáil, cuirfidh **misin agus oibríochtaí CBSC** (EUTM Somalia, EUCAP Somalia agus Oibríocht ATALANTA) feabhas ar an gcomhordú leis na comhpháirtithe ábhartha sa réigiún, mar is iomchuí. Leanfaidh siad de bheith ina gcolún bunriachtanach de chur chuige comhtháite an Aontais agus ina bhfreagairt ar ghéarchéimeanna atá ag teacht chun cinn agus ar ghéarchéimeanna reatha, i gcomhar le hionstraimí eile de chuid an Aontais. Agus acmhainneacht slándála á forbairt agus á tacú, déanfar iarracht ar leith cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta a urramú.

**Cur chun feidhme agus bealaí chun cinn**

49. Agus an **straitéis nua seo á cur chun feidhme**, tá sé d'aidhm ag an Aontas oibriú i ndlúthchomhar le tíortha an réigiúin, go leithleach agus i dteannta a chéile, agus le comhpháirtithe iltaobhacha agus réigiúnacha ar an leibhéal polaitiúil (IGAD, AA, NA), an leibhéal airgeadais (an Banc Domhanda, CAI, Banc Forbartha na hAfraice agus Club Pháras) agus ar an leibhéal téamach (e.g. EDS, EDT, UNEP, UNODC, UNHCR, IMO). Féachfaidh an tAontas freisin le hidirphlé agus comhoibriú a spreagadh le tíortha agus comhpháirtithe idirnáisiúnta ábhartha eile chun cur chuige coiteann a chothú, ag tógáil ar chomhluachanna agus ar chomhthosaíochtaí. Oibreoidh sé i ndlúthchomhar leis an earnáil phríobháideach agus le comhaltaí an diaspóra, agus déanfaidh sé an tsochaí shibhialta a chur chun cinn agus a neartú, lena n-áirítear ar leibhéal an phobail.

50. Agus na cúinsí éagsúla sa réigiún agus luas mear na bhforbairtí sochpholaitiúla á n-aithint aige, áiritheoidh an tAontas go ndéanfar athbhreithniú rialta ar a chuid gníomhaíochtaí agus beartas i gcomhréir leis na forbairtí is déanaí agus leis na ceachtanna a foghlaimíodh. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar clársceidealú agus cur chun feidhme chomhar an Aontais um fhorbairt a choigeartú dá réir sin. Beidh anailísí bunaithe ar fhianaise ina uirlis thábhachtach i ndáil leis sin. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair i ndlúthchomhar le gníomhaithe áitiúla daonnúla agus forbartha chun comhleanúnachas agus inbhuanaitheacht a mhéadú.

51. Chun obair leantach rialta pholaitiúil a áirithiú agus i gcomhréir le **cur chuige na cuntasachta frithpháirtí**, sainaithneoidh an tAontas cuspóirí tosaíochta sonracha, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal réigiúnach, i gcomhairle leis na tíortha lena mbaineann agus déanfaidh sé iad a chomhordú agus a chomhroinnt leis na comhpháirtithe ábhartha. Tá sé beartaithe ag an gComhairle brath ar thoscaireachtaí an Aontais agus ar ionadaíochtaí creidiúnaithe a Bhallstát chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na gcuspóirí sin agus chun gníomhaíochtaí nithiúla a shainaithint lena gcuideofar na cuspóirí sin a chur i gcrích. Déanfaidh an Comhairle machnamh rialta ar an dul chun cinn a bhainfear amach agus iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún módúlachtaí nithiúla a mholadh chun an straitéis a chur i ngníomh agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh uirthi.

52. Tá cumarsáid phoiblí faoi bheartais, gníomhaíochtaí agus cláir an Aontais ríthábhachtach chun feasacht ghinearálta ar chomhghealltanais agus ar a dtionchar a áirithiú.

53. Mar fhocal scoir, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé d'aidhm aige an caidreamh straitéiseach agus an chomhpháirtíocht atá aige le Corn na hAfraice agus a thíortha a neartú agus a threisiú. Leanfaidh an tAontas de bheith ag léiriú trí ghníomhaíocht chomhchoiteann gur comhpháirtí láidir de chuid an réigiúin é.